

II

(Gníomhartha neamhrechtacha)

COMHAONTUITHE IDIRNÁISIÚNTA

LEASUITHE AR NA HIARSCRÍBHINNÍ A GHABHANN LE COINBHINSIÚN LUGANO, AN 30 DEIREADH FÓMHAIR 2007

De réir an Fhógra ó Thaiscí na hEilvéise ón 11 Aibreán 2016 go dtí an 27 Bealtaine 2016, leasaítear teacs iarscríbhinní I-IV agus IX mar seo a leanas:

[Iarscríbhinn I

Is iad seo a leanas na rialacha dlínse dá dtagraítear in Airteagal 3(2) agus 4(2) den Choinbhinsiún:]

- i bPoblacht na Seice: Acht Uimh. 91/2012 ar an dlí idirnáisiúnta príobháideach (*Zákon o mezinárodním právu soukromém*), agus go háirithe, Airteagal 6 de,
- san Eastóin: Airteagal 86 (dlínse ar shuíomh na maoine) de Chód an Nós Imeachta Shibhialta (*Tsiviilkohtumenetluse seadustik*), sa mhéid nach mbaineann an t-éileamh le maoín sin an duine; Airteagal 100 (éileamh ar fhoirceannadh ar fheidhmiú na dtéarmaí caighdeánacha) de Chód an Nós Imeachta Shibhialta, sa mhéid go bhfuil an caingean le taisceadh leis an gcúirt arb ina dlínse chríochach a feidhmíodh an téarma caighdeánach,
- sa Chipir: Airt. 21 den Dlí ar Chúirteanna, Dlí 14/60,
- sa Laitvia: mír 2 d'Airteagal 27 agus míreanna 3, 5, 6 agus 9 d'Airteagal 28 de Dhlí an Nós Imeachta Shibhialta (*Civilprocesa likums*),
- sa Liotuáin: Airteagail 783(3), 787 agus 789(3) de Chód an Nós Imeachta Shibhialta (*Civilinio proceso kodeksas*),
- sa Phortaingéil: Airteagal 63(1) de Chód an Nós Imeachta Shibhialta (*Código de Processo Civil*) a mhéid a fhéadfar forais dlínse ainmheasارtha a chuimsiú leis, amhail na cúirteanna don áit ina bhfuil an brainse, an ghníomhaireacht nó aon bhunaíocht eile (más sa Phortaingéil atá sé) más é an riarachán lárnach (más i Stát eachtrach atá sé) an páirtí a gcuirtear imeachtaí dlí air agus Airteagal 10 de Chód an Nós Imeachta Saothair (*Código de Processo de Trabalho*) a mhéid a fhéadfar forais dlínse ainmheasارtha a chuimsiú leis, amhail na cúirteanna don áit ina bhfuil cónaí ar an ngearánaí in imeachtaí a bhaineann le conarthaí fostaíochta aonair, arb imeachtaí iad a thionscnóidh an fostaí i gcoinne an fhostóra,
- sa Rómáin: Airteagail 1065-1081 faoi Theideal I “Dlínse idirnáisiúnta chúirteanna na Rómáine” i leabhar VII “Nós imeachta sibhialta idirnáisiúnta” de Acht Uimh. 134/2010 maidir le Cód an Nós Imeachta Shibhialta,

Ba cheart an iontráil a bhaineann leis an mBeilg in Iarscríbhinn 1 a scriosadh.

[Iarscríbhinn II

Is iad seo a leanas na cúirteanna nó na húdaráis inniúla a bhféadfar an t-iarratas dá dtagraítear in Airteagal 39 den Choinbhinsiún a chur faoina mbráid:]

- i bPoblacht na Seice: an “*okresní soud*”,
- san Ungáir: an “*törvényszék székhelyén működő járásbíróság*” agus, i mBúdaipeist, an “*Budai Központi Kerületi Bíróság*”,
- sa Phortaingéil: “*instâncias centrais de competência especializada cível, instâncias locais, secção competência genérica*” nó “*secção cível*”, más ann dó, de na “*tribunais de comarca*”. I gcás oibleagáidí cothabhála do leanaí (faoi aois 18 nó níos sine) agus i gcás oibleagáidí cothabhála idir céillí, an “*secções de família e menores das instâncias centrais*” nó, nuair nach ann dó, an “*secções de competência genérica*” nó “*secção cível*”, más ann dó, de na “*instâncias locais*”. Maidir leis na hoibleagáidí cothabhála eile a eascraíonn as gaolta eile teaghlaigh, tuismíochta nó finíochta, “*secções de competência genérica*” nó “*secção cível*”, más ann dó, de na “*instâncias locais*”,
- sa tSualainn, “*tingsrätt*”,
- sa Ríocht Aontaithe:
 - a) i Sasana agus sa Bhreatain Bheag, an Ard-Chúirt Bhreithiúnais nó, i gcás breithiúnais chothabhála, an “Family Court” tríd an “Secretary of State”,

[Iarscríbhinn III]

Is iad seo a leanas na cúirteanna lena bhféadfar achomhairc dá dtagraítear in Airteagal 43(2) den Choinbhinsiún a thaisceadh:]

- i bPoblacht na Seice: an “*okresní soud*”,
- san Ungáir: an “*törvényszék székhelyén működő járásbíróság*” (i mBúdaipeist, an “*Budai Központi Kerületi Bíróság*”); Is é an “*törvényszék*” a bhreithníonn an t-achomharc (i mBúdaipeist, an “*Fővárosi Törvényszék*”),
- i Málta, an “*Qorti ta' l-Appell*” de réir an nós imeachta atá leagtha síos le haghaidh achomharc sa “*Kodiċi ta' Organizzazzjoni u Proċedura Ċivili - Kap.12*” nó, i gcás breithiúnais chothabhála trí “*rikors ġuramentat*” roimh an “*Prim'Awla tal-Qorti Ċivili jew il-Qorti tal-Maġistrati ta' Ghawdex fil-ġurisdizzjoni superjuri tagħha*”,
- sa tSualainn: “*tingsrätt*”,
- sa Ríocht Aontaithe:
 - a) i Sasana agus sa Bhreatain Bheag, an Ard-chúirt Bhreithiúnais nó, i gcás breithiúnais chothabhála, an “*Family Court*”,

[Iarscríbhinn IV]

Is iad seo a leanas na hachomhairc a fhéadfar a thaisceadh de bhun Airteagal 44 den Choinbhinsiún:]

- in Éirinn, achomharc ar phointe dlí chuig an gCúirt Achomhairc,
- i bPoblacht na Seice: “*dovolání*”, “*žaloba na obnovu řízení*” agus “*žaloba pro zmatečnost*”,
- sa Laitvia: achomharc chuig an “*Augstākā tiesa*”, tríd an “*Apgabaltiesa*”,
- san Rómáin: “*recursul*”,
- sa tSualainn, achomharc chuig an “*hovrätt*” agus “*Högsta domstolen*”,

[Iarscríbhinn IX]

Is iad seo a leanas na Stáit agus na rialacha dá dtagraítear in Airteagal II de Phrótacal 1:]

- An Chróit: Airteagal 211 den Acht um an Nós Imeachta Sibhialta (*Zakon o parničnom postupku*),
 - sa Laitvia: Airteagail 75, 78, 79, 80 agus 81 de Dhlí an Nós Imeachta Shibhialta (*Civilprocesa likums*) maidir le fógraí tríú páirtí,”
-